www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2013**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 2

## Cumhacht Pholaitiúil agus Smaointe Polaitiúla

**[AQ221]**

**DÉARDAOIN 23 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh **ceachtar acu Rogha A**: Cumhacht Pholaitiúil **nó Rogha B**: Smaointe Polaitiúla.

Ón rogha agat, déan staidéar ar an fhoinse atá ar fáil agus freagair ceisteanna **1**, **2** agus ceachtar acu **3(a)** nó **3(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **2** agus **3**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist.
Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse sula ndéanfaidh tú iarracht ceisteanna **1** agus **2** a fhreagairt, agus tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagraí ar na ceisteanna seo.

www.xtrapapers.com

## Rogha A: Cumhacht Pholaitiúil

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.**

**Foinse**

Dhearbhaigh imeachtaí le blianta beaga anuas arís eile nach bhfeidhmíonn struchtúir na cumhachta i sochaithe an iarthair ar mhaithe le leas na ndaoine ach le líon beag daoine saibhre a chosaint. Mhothaigh mórchuid an phobail iarmhairtí an chúlaithe eacnamaíochta a tharla mar gheall ar shaint agus ar leithleachas earnáil airgeadais na mbanc agus na n-amhantraithe. Ag an am chéanna, áfach, lean an earnáil seo léi ag baint tairbhe as saibhreas doshamhlaithe. Níl a dhath ar bith déanta ag rialtais le dul i ngleic lena leithéid. Ní raibh sé riamh chomh soiléir céanna go bhfuil an stát ag leanúint leis i mbun leas na haicme ceannais a chosaint.

**1** Cad é an teoiric de chumhacht pholaitiúil atá curtha chun tosaigh san Fhoinse? Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d’ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh **trí** ghné den teoiric seo. [10]

**2** Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d’ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh an dóigh a bhféadfaí an teoiric de chumhacht pholaitiúil a shainaithin tú i gCeist 1 a cháineadh. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** Déan an dearcadh a mheasúnú gurb iad na stáit a bhíonn i dtuilleamaí an chomhéigin na stáit is cobhsaí. [35]

**nó**

**(b)** Déan an dearcadh a mheasúnú gurb é easpa toghcháin shaora dhaonlathacha an fáth is mó a gcailleann stáit an dlisteanacht acu. [35]

www.xtrapapers.com

## Rogha B: Smaointe Polaitiúla

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair na ceisteanna a leanann.**

**Foinse**

Tá iarmhairtí na géarchéime geilleagraí domhanda, a thosaigh in 2007-2008, go fóill ag dul i bhfeidhm ar náisiúin ar fud na cruinne. Níl rud ar bith úr ag baint leis an ghéarchéim seo – tharla sé uilig roimhe seo. Bhí caipitleachas riamh thíos go rialta mar gheall ar thréimhsí nuair a chlis ar chúrsaí táirgíochta agus a chrap geilleagair, a d'fhág dífhostaíocht ollmhór agus díothacht shóisialta ina ndiaidh. Bhí roinnt de na tréimhsí cúlaithe seo iontach géar, amhail an Spealadh Mór sna 1930í, ach bhain siad uilig le stair "borradh agus cliseadh" a théann siar go dtí an 18ú haois. Léiríonn sé seo gur córas neamhchobhsaí é an caipitleachas ó nádúr, a gheallann cuid mhór ach nach ndéanann beart de réir na mbriathra do thromlach an phobail. Ar a bharr sin, leanfaidh an ghéarchéim ar aghaidh agus rachaidh sé in olcas i dtólamh de réir mar a leathann caipitleachas fud fad an domhain ar bhonn méadaitheach.

**1** Cad é an dearcadh idé-eolaíoch atá curtha chun tosaigh san Fhoinse? Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh **trí** ghné den dearcadh seo. [10]

**2** Trí thagairt a dhéanamh don Fhoinse agus d'ábhar ábhartha ar bith eile a ndearna tú staidéar air, mínigh an dóigh a ndéanfadh naimhde idé-eolaíocha an dearcadh a shainaithin tú i gCeist 1 a cháineadh. [15]

**3** **Ceachtar acu**

**(a)** "Ba choimeádach é Burke a bhí i gcoinne gach cineál athraithe." Trí thagairt a dhéanamh do smaointe Burke mar atá siad leagtha amach in *Reflections on the Revolution in France*, déan an dearcadh seo a mheasúnú. [35]

**nó**

**(b)** Déan an dearcadh a mheasúnú, mar atá sé leagtha amach ag Mill in *On Liberty*, gur constaic ar dhul chun cinn é gnáthamh. [35]

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.